Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12553/25
ADD 2

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0085 (COD)**

CODEC 1216
COH 170
SOC 594
SAN 542
CADREFIN 169

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1057 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa *Plus* (CSE+) a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha<br>**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas ón mBulgáir**

Cé nach bhfuil Poblacht na Bulgáire ar aon teorainn leis an Úcráin, leis an mBealarúis, ná leis an Rúis, is amhlaidh atá sé laistigh den limistéar atá buailte ag drochthionchair iomadúla mhéadaitheacha an chogaidh leanúnaigh san Úcráin de dheasca a suímh straitéisigh ar theorainn sheachtrach oirthir an Aontais Eorpaigh, feadh na Mara Duibhe.

Tá réigiún na Mara Duibhe níos neamhchosanta ar rioscaí suntasacha slándála, ar shuaitheadh eacnamaíoch agus éiceolaíoch, agus ar leochaileachtaí straitéiseacha méadaithe. Bíonn tionchar díreach inláimhsithe ag éifeachtaí iarmhartacha na coinbhleachta ar réigiúin oirthir na Bulgáire.

Sa chomhthéacs sin, áitíonn an Bhulgáir go láidir gur cheart réigiúin na Mara Duibhe a aithint mar réigiúin atá coibhéiseach leis na réigiúin sin atá ar aon teorainn leis an Úcráin, an Bhealarúis nó an Rúis chun críocha bearta reachtacha agus clársceidealaithe ábhartha.

Tá an seasamh sin ailínithe go hiomlán leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach an 28 Bealtaine 2025, '*Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Eorpaigh i leith Réigiún na Mara Duibhe*', ina leagtar béim ar an ngá atá le freagairt chuimsitheach chomhordaithe ón Aontas, lena n-aithnítear tábhacht gheostraitéiseach na Mara Duibhe don Aontas ina iomláine.

**Ráiteas ón Ungáir**

Meabhraítear don Ungáir na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta (pointe 6b), ina n-iarrtar ar an gCoimisiún foinsí cistiúcháin breise ar leibhéal an Aontais a mholadh don chosaint, lena n-áirítear trí dheiseanna agus dreasachtaí breise a thairgeadh do na Ballstáit uile agus a leithdháiltí reatha á n-úsáid acu, i gcomhréir le prionsabail na córa comhionainne, na hoibiachtúlachta agus an neamh-idirdhealaithe.

Ní chuireann an Ungáir i gcoinne ghlacadh an Rialacháin; mar sin féin, measann sí nach bhfuil Airteagal 2 i gcomhréir leis na prionsabail sin, toisc go gcuireann sé srian ar chumas na mBallstát cinneadh a dhéanamh maidir le conas na leithdháiltí ata acu faoi láthair a úsáid.

Thairis sin, glacadh coinníollachtaí 2021-2027, lena n-áirítear coinníollacha cumasúcháin, mar chuid de chomhaontú CAI níos leithne. Leis an togra seo, leasaítear an creat seo i lár na tréimhse, rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil agus pholaitiúil, agus níor cheart dó sin a bheith ina fhasach amach anseo.